Gx 1237

OLLSCOIL NA hÉIREANN, GAILLIMH

SCRÚDÚ NA CÉIME: SEIMEASTAR II, 1999-2000

Stair: HI 328 Ceist an Tuaiscirt

An Dr Seán Duffy
An tOllamh Nicholas Canny
An Dr Máire Harris

Am ceadaithe: dhá uair
Freagair trí cheist

1. Conas a d'éirigh le hAontachtóirí Uladh a stát féin a bhaint amach?

2. 'Cé go raibh maolú tagtha ar an bhfoiréigean faoi fhómhar na bliana 1922, bhí ábhar mór imní ag Caitlicigh agus ag Protastúnaigh i dTuaisceart Éireann agus iad ag tabhairt aghaidh ar an todhchaí.' An tuairim sin a phlé.

nó

Pléigh na deacrachtaí a bhí ag polaiteoirí Caitliceacha i dTuaisceart Éireann sna 1920í agus na 1930í.

3. Déan impleachtaí polaitiúla an Dara Cogadh Domhanda don phobal Aontachtach a mheas.

4. Cén tábhacht a bhain le cúinsí soisialta agus cúrsaí creidimh i neartú an easaontais i dTuaisceart Éireann?

5. Déan tráchtaireacht ar na constaicí a chuir i gcoinne athruithe i dTuaisceart Éireann sna seascaidí.

6. An féidir a rá go raibh idéolaíocht faoi leith ag eagraíochtaí cearta sibhialta i dTuaisceart Éireann sa tréimhse 1964-72? Tabhair cúiseanna le do fhreagra.

7. Cad iad na cúinsí atá tar éis dul i bhfeidhm ar an gcaidreamh idir an IRA agus an pobal Caitliceach ó na 1950í i leith?

nó

Cén fáth a raibh rath go minic ar an bparaimhíleatachas i dTuaisceart Éireann?

8. Pléigh an tuairim nár phost le santú é post an phríomhaire i dTuaisceart Éireann sa tréimhse 1921-72.

thall ...

9. Cad ba chúis le laige na hEite Clé i dTuaisceart Éireann in aimsir Stormont?

10. Pléigh an tuairim go bhfuil seasamh Aontachtóirí Uladh sa Ríocht Aontaithe ag éirí níos éiginnte i gcónaí ó 1968 i leith.

11. Déan scagadh ar na hargóintí éagsúla a bhaineann le leatrom ar Chaitlicigh i dTuaisceart Éireann suas go dtí 1968.

12. Cén toradh polaitiúil a bhí ar na stailceanna ocrais i 1980-81?

13. Cad iad na hathruithe atá tagtha ar chur chuige rialtais na Breataine **nó** rialtais na hÉireann agus iad ag iarraidh teacht ar réiteach ar an gcoimhlint i dTuaisceart na hÉireann ó 1972 i leith?

14. Déan tráchtaireacht ar idéolaíocht agus straitéisí polaiteoir a measann tú a bhfuil tionchar faoi leith aige/aici i dTuaisceart Éireann.